


Bunaíodh Cambus Medical sa Spidéal, Co. na Gaillimhe i 2006 mar chomhlacht teicneolaíochta leighis. Tá béim ag an gcomhlacht seo ar chomhpháirteanna riachtanacha a fhorbairt i gcomhair feistí leighis íosionracha.

Oibríonn muid i bpáirt leis na comhlachtaí is mó d'fheistí leighis chun réitigh nuálaíochta deartha agus déantúsaíochta a chur ar fáil. Díritear isteach ar hipitiúba miotalacha agus micreachomhpháirteanna le haghaidh cataitéir a chur isteach.



Is é éiteas an chomhlachta ná na réitigh agus an t-eispéireas is fearr a thabhairt do chustaiméirí, le tacaíocht ó infheistíocht leanúnach i dteicneolaíocht agus i bpróisis cheannródaíochta. Ó bunaíodh an comhlacht, lean muid orainn ag fás, ag cur acmhainní leis, ag méadú foirne agus ag cur leis an ionad déantúsaíochta feistí leighis den chéad scoth atá sa Spidéal.

I 2013 chuaigh Cambus Medical i gcomhfhiontar le Freudenberg Medical. Is cuid de Ghrúpa Freudenberg é an comhlacht seo agus is páirtí conartha déantúsaíochta domhanda atá ann. Réitíonn siad dearadh agus déantúsaíocht do chustaiméirí i gcúrsaí máinlíochta íosionracha agus i margaí cógaisíochta agus diagnóisice in vitro thar ghréasán domhanda áiseanna. Tá Cambus Medical comhtháite go hiomlán le Freudenberg Medical agus déantar margaíocht faoin mbranda sin.



Is cuid lárnach iad na daoine sa chaoi is a bhíonn ag éirí linn. Déanann muid infheistíocht inár gcuid foirne lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an traenáil acu chun táirge d'ardchaighdeán agus an t-eispéireas is fearr gur féidir a chur ar fáil do chustaiméirí. Spreagann muid ár bhfoireann chun fás ina gcuid róil agus sci-leanna nua a fhorbairt, agus tá pacáiste tionscal-iomaíoch mar luach saothair.

Creideann muid gur cultúr na comhlachta é an rud a athraíonn dea-ionad oibre go dtí ionad oibre atá thar barr. Cruthaíonn muid atmaisféar oibre bisiúil agus taitneamhach in ionad an Spidéil. Tá ár bhfoireann agus a gcuid tuairimí luachmhar agus tá meas againn orthu. Cabhraíonn agus tacaíonn ár gcuid comhghleacaithe lena chéile.

Déanann muid ceiliúradh chomh maith ar an méid a bhaintear amach, ag tabhairt ar ais don phobal áitiúil. Tugann muid tacaíocht d'eagraíochtaí catharnacha agus cabhraíonn muid le daoine óga atá ag ullmhú don toadhcháí tríd an tionscnamh Junior Achievement Ireland.

Tá muid bródúil as ár n-oidhreacht uathúil Gaeltachta mar fhostóir mhór réigiúnach ina bhfeidhmíonn gnólacht domhanda go dátheangach.